IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 357 de 2024**

---

RIALACHÁIN AN AONTAIS EORPAIGH (SUITEÁLACHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INA nÚSÁIDTEAR TUASLAGÓIRÍ ORGÁNACHA) (LEASÚ), 2024

I.R. Uimh. 357 de 2024

# RIALACHÁIN AN AONTAIS EORPAIGH (SUITEÁLACHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INA nÚSÁIDTEAR TUASLAGÓIRÍ ORGÁNACHA) (LEASÚ), 2024

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 (Uimh. 27 de 1972), agus chun tuilleadh éifeachta a thabhairt do Chaibidlí I, V agus VII de Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010[1], déanaimse, EAMON RYAN, Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, leis seo na rialacháin seo a leanas:

1. Féadfar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí ina nÚsáidtear Tuaslagóirí Orgánacha) (Leasú), 2024, a ghairm de na Rialacháin seo.

2. Leasaítear Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí ina nÚsáidtear Tuaslagóirí Orgánacha), 2012 (I.R. Uimh. 565 de 2012)—

   (a) i Rialachán 3(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "Aire":

   "ciallaíonn 'Aire' an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide;",

   (b) i Rialachán 26, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (1):

   "26.(1) Aon oibritheoir suiteála a bhfuil feidhm ag na Rialacháin seo maidir leis nó léi agus a sháraíonn Rialachán 8, 9(2), 10(1), (6), (7) nó (8), 11, 13(1), 19(1) nó (3), 20(1), 22(8) nó 24, nó a mhainníonn iad a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion.",

   (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Rialacháin 27:

   *"Pionóis*

   27. Aon oibritheoir suiteála a dhéanann cion faoi Rialachán 26, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.",

   (d) i Rialachán 28, trí mhír (2) a scriosadh,

   (e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Rialachán 28:

   *"Fógra maidir le hÍocaíochtaí Seasta*

   28A. (1) I gcás go mbeidh forais réasúnacha ag oifigeach údaraithe chun a chreidiúint go bhfuil cion faoi Rialachán 26 á dhéanamh nó déanta ag duine (seachas i ndáil le sárú ar Rialachán 22(8)), féadfaidh an t-oifigeach fógra (dá ngairtear "fógra maidir le híocaíochtaí seasta" sa Rialachán seo) a thabhairt don duine i scríbhinn san fhoirm a shonraítear i Sceideal 9 á rá—

   (a) go líomhnaítear go ndearna an duine an cion,

---

[1] IO Uimh. L 334, 17.12.2010, lch. 17

(b) go bhféadfaidh an duine, i rith na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra—

(i) más rud é gurb é atá sa chion líomhnaithe sárú ar Rialachán 8(1) nó 24, íocaíocht €1,000, nó

(ii) más rud é gurb é atá sa chion líomhnaithe sárú ar aon fhoráil eile, íocaíocht €500

a thabhairt don údarás áitiúil lena mbaineann ag an seoladh a bheidh sonraithe san fhógra, agus, más rud é go gceanglófar amhlaidh san fhógra, an fógra nó uimhir thagartha an fhógra ina teannta,

(c) nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an duine an íocaíocht a bheidh sonraithe san fhógra a thabhairt, agus

(d) nach dtionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe i rith na tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra agus, más rud é go dtabharfar an íocaíocht a bheidh sonraithe san fhógra i rith na tréimhse sin, nach dtionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(2) Más rud é go dtabharfar fógra maidir le híocaíochtaí seasta faoi mhír (1)—

(a) féadfaidh an duine lena mbaineann an fógra, nó duine a bheidh ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, i rith na tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra, an íocaíocht a bheidh sonraithe san fhógra a thabhairt don údarás áitiúil lena mbaineann ag an seoladh a bheidh sonraithe san fhógra agus, más rud é go gceanglófar amhlaidh san fhógra, an fógra ina teannta,

(b) gheobhaidh an t-údarás áitiúil lena mbaineann an íocaíocht agus, ar an íocaíocht a fháil, eiseoidh sé admháil ina leith agus ní bheidh aon íocaíocht a gheofar amhlaidh inghnóthaithe ag an duine a thug í, agus coimeádfaidh an t-údarás áitiúil an t-airgead lena dhiúscairt de réir mhír (4), agus

(c) ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe sa tréimhse a bheidh sonraithe san fhógra agus, más rud é go dtabharfar an íocaíocht a bheidh sonraithe amhlaidh i rith na tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe.

(3) In imeachtaí mar gheall ar chion faoi Rialachán 26 i leith sárú ar na Rialacháin seo, is cosaint é don chosantóir a chruthú gur thug sé nó sí íocaíocht de réir an Rialacháin seo, de bhun fógra maidir le híocaíochtaí seasta arna eisiúint i leith an chiona sin.

(4) Aon airgead a gheobhaidh údarás áitiúil de bhun fógra maidir le híocaíochtaí seasta a thabhairt, taiscfear é chun sochair an chiste áitiúil arna choimeád ag an údarás áitiúil lena mbaineann de bhun, agus de réir, alt 97 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus caithfear é de réir an ailt sin.",

agus

(f) tríd an Sceideal a leagtar amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin seo a chur isteach i ndiaidh Sceideal 8.

3. Aisghairtear an méid seo a leanas:

(a) alt 12C den Acht um Thruailliú Aeir, 1987 (Uimh. 6 de 1987), agus

(b) alt 22 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2015 (Uimh. 29 de 2015).

4. Cúlghairtear na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir (Fógra maidir le hÍocaíochtaí Seasta) (Tuaslagóirí), 2016 (I.R. Uimh. 347 de 2016).

*Rialachán 2(f)*

SCEIDEAL

“SCEIDEAL 9

FÓGRA MAIDIR LE HÍOCAÍOCHTAÍ SEASTA

Uimh. Thagartha __________

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí ina nÚsáidtear Tuaslagóirí Orgánacha), 2012
(I.R. Uimh. 565 de 2012)

Fógra maidir le hÍocaíochtaí Seasta i ndáil le cion líomhnaithe faoi Rialachán 26 (seachas i ndáil le sárú ar Rialachán 22(8)) i leith sárú líomhnaithe ar na Rialacháin sin.

Ainm an údaráis áitiúil: _______________________
Seoladh an údaráis áitiúil: _____________________
Go:

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Ainm an oibritheora suiteála | |
| Ag trádáil mar | |
| Líne 1 den Seoladh | |
| Líne 2 den Seoladh | |
| Líne 3 den Seoladh | |
| Éirchód | |

1. Líomhnaítear go bhfuil cion déanta agat faoi Rialachán 26 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí ina nÚsáidtear Tuaslagóirí Orgánacha), 2012 (I.R. Uimh. 565 de 2012), i leith an tsáraithe líomhnaithe ar na Rialacháin sin, agus tá an méid íocaíochta seasta atá le híoc agat i leith an tsáraithe leagtha amach sa Tábla thíos.

| | |
|---|---|
| An fhoráil a líomhnaítear gur sáraíodh í | |
| Dáta an tsáraithe líomhnaithe | |
| Sonraí an tsáraithe líomhnaithe | |
| An Méid Íocaíochta Seasta atá le híoc | €1000<br><br>€500<br><br>(scrios cibé méid nach bhfuil feidhm aige) |

2. Féadfaidh tú, i rith na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra seo, íocaíocht den mhéid atá sonraithe thuas, agus an fógra seo nó uimhir thagartha an fhógra seo ina teannta, a thabhairt don údarás áitiúil ag an seoladh dá dtagraítear thuas.

   Níl sé d’oibleagáid ort an íocaíocht a thabhairt.

   Ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe i rith na tréimhse 21 lá dar tosach dáta an fhógra agus, más rud é go dtabharfar an íocaíocht atá sonraithe san fhógra le linn na tréimhse sin, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona sin.

Arna shíniú ______________________

Oifigeach Údaraithe__________________________

Dáta ________________________

.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, 31 Iúil, 2024

EAMON RYAN, An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Sna Rialacháin seo—

- Leasaítear I.R. Uimh. 565/2012 trí fhoráil a dhéanamh do chion nua faoi Rialachán 26 agus do phionóis faoi Rialachán 27.
- Soláthraítear freisin fógra maidir le híocaíochtaí seasta agus foirm i leith sáruithe sonraithe.
- Cúlghairtear na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir (Fógra maidir le hÍocaíochtaí Seasta) (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí ina nÚsáidtear Tuaslagóirí Orgánacha), 2016 (I.R. Uimh. 347 de 2016).